

Irish translation of:
Bowel cancer screening: the next step.

Scagthástáil ar ailse phutóige: an chéad chéim eile

Míniú a thabhairt ar do thoradh tástála

Taispeánann do thoradh tástála gur gá imscrúdú breise a dhéanamh. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil ailse ort, ach gur aimsíodh rianta fola i do chorraithe putóige.

- Beidh fuil sna corraithe putóige ag thart ar dheichniúr as gach 500 duine a dhéanfar tástáil orthu agus cuirfear fios orthu siúd chun bualadh leis an sainchleachtóir scagthástála (SCS). Fiú ansin, beidh naonúr as gach deichniúr díobh siúd, ar cuireadh fios orthu, saor ó ailse.
- D'fhéadfadh siadaí beaga ar a dtugtar polaipí nó ríochtaí eile ar nós haemaróidí (fíocas) a bheith mar chúis ar fhuil i do chorraí putóige.

Cad í an chéad chéim eile?

- Tugadh coinne duit (féach an litir tionlacain) chun measúnú a dhéanamh le SCS.
- Déantar an measúnú seo chun a chinntiú go bhfuil tú folláin go leor chun ionscópacht a dhéanamh ar an drólann (féach thíos).
- Ba chóir go dtógfadh an measúnú 45 nóiméad ar a mhéad.
- Ní gá duit do réim bia nó do chógas a athrú roimh an measúnú, ach ba chóir duit aon chógais atá á thógáil agat a thabhairt leat go dtí an measúnú.
- Déanfaidh an SCS do thoradh tástála a phlé leat agus tabharfaidh sé nó sí míniú ar na tástálacha eile ar féidir a dhéanamh. Tabharfar seans duit ceisteanna a chur nó aon chúraimí atá agat a thabhairt ar aird.
- D'fhéadfaí do bhrú fola a thógáil.
- Tar éis an mheasúnaithe tabharfar cuireadh duit teacht ar ais le haghaidh tástálacha breise, ionscópacht ar an drólann de ghnáth. Socrófar dáta agus am atá oiriúnach duit.

- Tabharfaidh an SCS míniú ar an ngnáthamh ionscópachta ar an drólann agus tabharfaidh sé nó sí eolas duit chun tabhairt abhaile leat.
- Más rud é nach féidir leat freastal ar an measúnú seo, tá sé tábhachtach glao a chur ar an líne shaorghlao chabhrach ar 0800 015 2514 chomh luath agus is féidir chun dáta agus am níos oiriúnaí a shocrú.

Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

- Úsáideann ionscópacht ar an drólann ceamara an-bheag ag deireadh feadáin tanaí a chuireann ar chumas an dochtúra nó an altra polaipí nó comharthaí ailse a lorg ar an taobh istigh de do phutóg.
- Uaireanta tógtar sampla beag den phutóg agus déantar scrúdú air faoi mhicreascóp chun cealla ailse a lorg.
- Mar an gcéanna leis an gcuid is mó de ghnáthaimh mhíochaine, tá seans ann go dtarlóidh aimhréítí. D'fhéadfaí fuil a bheith ann i gcás amháin b'fhéidir as gach 150 cás agus go gcuirfead poll sa phutóg le linn an ghnáthaimh i gcás amháin as 1,000 cás. Má tharlaíonn sé seo, ní foláir obráid a dhéanamh beagnach i gcónaí chun an poll a dheisiú. Go fíorannamh (de réir fianaise, níl ann ach cás amháin as 10,000 cás), is féidir le duine bás a fháil de bharr ionscópachta ar an drólann. Tabharfaidh an sainaltra scagthástála míniú ar na sochair agus ar na rioscaí nuair a thiocfaidh tú isteach chun measúnú a dhéanamh ort.

Má thaispeánann an ionscópacht ar an drólann go bhfuil cóir leighis bhreise ag teastáil uaim?

- Má tá cóir leighis bhreise ag teastáil uait cuirfead tú chuig cibé speisialtóir atá oiriúnach duitse. Mar shampla, más rud é gur baineadh polaipí ag ionscópacht ar an drólann d'fhéadfaí go n-iarrfar ort dul ar ais agus ionscópacht eile a dhéanamh ar an drólann idir bliain amháin agus trí bliana níos déanaí.
- Beidh an sainaltra scagthástála ábalta aon cheisteanna a fhreagairt nó aon chúraimí atá agat a phlé nuair a thagann tú isteach chun measúnú a dhéanamh ort.



Published by the Public Health Agency, Ormeau Avenue Unit, 18 Ormeau Avenue, Belfast BT2 8HS. Tel: 028 9031 1611. Textphone/Text Relay: 18001 028 9031 1611.